Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Topaic: Braistint féiniúlachta agus muintearais páistí a chothú tríd an oideolaíocht chultúrtha (Breith – 6 bliana)

Tarraingítear aird in *Aistear* agus in *Síolta* araon ar a thábhachtaí atá sé tacú le braistint féiniúlachta agus muintearais páistí.

Sa seisiún gearr FGL seo, foghlaimeoidh tú faoin tábhacht atá le braistint dhearfach féiniúlachta agus muintearais a chothú tríd an oideolaíocht chultúrtha. Sna hacmhainní a moltar do dhaoine breathnú orthu, iad a léamh agus machnamh a dhéanamh orthu, tá béim ar an tábhacht atá le tuiscint a chur ar chúlra agus ar chultúr páistí agus ar oideolaíocht fhreagrúil a sholáthar a bheadh bunaithe ar an tuiscint seo.

***Príomhnaisc***

- Téama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais in *Aistear*
- *Síolta*: Caighdeán 14: Féiniúlacht agus Muintearas

**Tá sé éigeantach tuiscint a chur ar chultúr agus cúlra uathúil gach aon pháiste ionas gur féidir tacú leis an mbraistint féiniúlachta agus muintearais atá á forbairt aige nó aici**

| | | ✓ |
|---|---|---|
| | Breathnaigh ar an bhfíseán 3 nóiméad seo a léiríonn an chuma fhéideartha a bheadh ar théama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais sa ghnáthchleachtas. | |
| | Breathnaigh ar an bhfíseán 1-nóiméad seo go gcluine tú Wendy Lee, Stiúrthóir Thionscadal na Ceannsaíochta Oideachasúla sa Nua-Shéalainn agus í ag míniú mar is féidir tacú le braistint féiniúlachta agus muintearais páistí tríd an oideolaíocht chultúrtha. | |
| | Breathnaigh ar an bhfíseán 3-nóiméad seo ina labhraíonn Wendy Lee ar ról an chleachtóra i dtaca le caidreamh a fhorbairt le páistí agus teaghlaigh le cuidiú leo tuiscint a chur ar chultúr agus cúlra páistí. | |
| | Léigh an leidbhileog seo Ag tacú le leanaí dátheangachas a bhaint amach lena fháil amach an fáth a bhfuil sé tábhachtach meas agus urraim a léiriú do theanga baile an pháiste. | |
| | Breathnaigh ar an bhfíseán 5-nóiméad seo ina labhraíonn Wendy Lee ar úsáid na scéalta foghlama le tacú leis an bhféiniúlacht agus muintearas tríd an oideolaíocht chultúrtha. | |
| | Úsáid gné a dó den uirlis féinmheastóireachta i dTreoir Chleachtais *Aistear Síolta*, colún na dTimpeallachtaí Foghlama, le fiosrú a dhéanamh ar thábhacht na dtaispeántas a léireodh cúlra, pobal, cultúr agus teanga gach aon naíonáin agus lapadáin, chun ceangal a chothú idir an baile agus an suíomh. Is féidir teacht ar breith – 3 bliana d'aois anseo agus 3 – 6 bliana anseo. | |

| | | |
|---|---|---|
| | Le fiosrú breise a dhéanamh ar chleachtais ionchuimsitheacha, léigh Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luath-Óige (RLGÓ, 2016). | |

| | |
|---|---|
| | **Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh**<br><br>**Ceisteanna le haghaidh Machnaimh:** Céard atá ag oibriú go maith duit sa réimse seo? Cé na dúshláin a raibh ort plé leo sa réimse seo? Céard a dhéanfaidh tú ar bhealach difriúil amach anseo? |
| | |
| | **Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .**<br><br>**Ceisteanna le haghaidh Machnaimh:** Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a bhfuil sé beartaithe agat iad a dhéanamh ar do chleachtas Cén chaoi a mbeidh tionchar dearfach ag na hathruithe seo ar fhoghlaim agus forbairt páistí? Smaoinigh ar na hacmhainní agus na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil uait. Cad iad na gnéithe den obair seo ar mhaith leat tosaíocht a dhéanamh díobh agus díriú orthu sna seachtainí beaga atá romhainn? |
| | Nasc chuig an Treoir Chleachtais Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta |

Tá na hacmhainní thuas agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ag www.aistearsiolta.ie

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.